

AN GALRA TRUAIGHE

Níl mórán beithidheach le cladach nach mbíonn an galra truaighe air. Má chuireann tú beithidheach le galra truaighe ar thalamh maith a mbeidh an féar uaibhreach ann tá sé dearbtha é a mharbhú. Cuir ar shliabh nó ar fhraoch é aon mhí amháin agus gheithidh tú amach go leigheasfaidh sé é. Is measa go mór an galra truaighe ná an briosbrún. Má tá an beithidheach foiricthe i gceart leis an ngalra truaighe ní féidir é a leigheas.